

LEATHANACH 251

Dé Luain 23 Eanáir 2017

Crith Talún san Iodáil

Tharla 4 chrith talún san Iodáil an tseachtain seo caite. Tharla siad sa Róimh agus in Florence. Bhí na foirgnimh ag crith agus bhí eagla ar dhaoine. Dhún siad an Metro sa Róimh.

Dúirt Príomhaire na hIodáile, Paolo Gentiloni, nach bhfuair aon duine bás sna creathanna talún. Ach faraor, mar gheall ar na creathanna talún bhí maidhm shneachta ann agus mharaigh sin dhá dhuine dhéag agus tá seacht nduine dhéag ar iarraidh.

Tarlaíonn creathanna talún go minic san Iodáil. Mharaigh crith talún níos mó ná 300 duine mí Lúnasa seo caite.



Tharla 4 chrith talún san Iodáil.



Is é Trump an tUachtarán nua.

Uachtarán Nua ar Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM)

Dé hAoine seo caite d'fhág Barack Obama, a bhean Michelle, agus a mbeirt iníonacha, Malia agus Sasha, an Teach Bán in Washington DC, Meiriceá. Anois tá teaghlach nua ina gcónaí ann; Muintir Trump.

Is é Donald Trump an cúigiú huachtarán is daichead ar na Stáit Aontaithe. Fear mór gnó is ea é agus bhuaigh sé an toghchán uachtaránachta i mí na Samhna anuraidh. Vótáil níos mó daoine ar son Hillary Clinton áfach (beagnach trí mhiliún duine!) ach d'éirigh le Donald Trump an bua a fháil i níos mó stát.


Níl gach duine sásta le toradh an toghcháin áfach, go háirithe mná, agus Dé Sathairn, bhí agóidí agus léirshiúlta ina choinne i SAM, in Éirinn agus in áiteanna eile ar fud an domhain.

Cúl-a Búl-a, a Wayne!

Is peileadóir gairmiúil sacair é Wayne Rooney. Rugadh é i Learpholl i Sasana. Tá sé 31 bliain d'aois. Tá cúlra Éireannach ag a theaghlach; imríonn John, a dheartháir óg, sacar freisin, agus ba mhaith leis imirt d'fhoireann na hÉireann lá éigin.

Roghnaigh Wayne imirt do Shasana. Imríonn sé le Manchester United i Manchain, agus is é captaen na foirne é.

De Sathairn bhí sé ar an nuacht. Scóráil sé cúl sa chluiche comhscóir i gcoinne Stoke City. Is iomaí cúl a fuair sé roimhe seo, ach is cúl stairiúil é an ceann seo. Sin dhá chéad agus caoga cúl le Man Utd, níos mó cúl ná a fuair aon imreoir eile. Go dtí sin bhí an churiarracht ag Bobby Charlton le 249 cúl.



Bhí an-áthas ar Wayne Rooney.